



Rialtas na hÉireann  
Government of Ireland



Scéim Náisiúnta  
CÚRAIM LEANAÍ  
Luathfhoghlaim agus Cúram

# LEABHRÁN EOLAIS DO SHOLÁTHRAITHE

An doras a oscailt do chúram leanaí atá so-aimsithe,  
ar ardchaighdeán agus ar phraghas réasúnta.



[ncs.gov.ie](http://ncs.gov.ie)



## 1. RÉAMHRÁ

Is í An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí an chonair dúinne chun Luathfhoghlaim agus Cúram, agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile, atá inrochtana, inacmhainne agus d'ardchaighdeán a bhaint amach. Tá sé le bheith seolta i mí Dheireadh Fómhair 2019, le bheith curtha in ionad na cláir dhírithé go léir a bhí ann roimhe seo mar aon Scéim amháin atá sruthlíneach agus so-úsáidte, agus lena gcuirfear roinnt teaghlach ar a gcumas a bheith incháilithe le fóirdheontais den chéad uair.

Beidh tuismitheoirí in ann iarratas a dhéanamh ar an Scéim chun tacaíocht airgeadais a fháil, rud a fhágfaidh nach mbeidh ar sholáthróirí bainistíocht a dhéanamh ar pháipéarachas do thuismitheoirí chun iarratas a dhéanamh le fóirdheontais go deo. Beidh an Scéim i bhfeidhm faoi bhun aon chóras amháin lena ndeimhneofar riarachán sruthlíneach do sholáthróirí agus lena gcuirfear bonn inbhuanaithe leis an infheistíocht Stáit sa Luathfhoghlaim agus sa LuathChúram, agus sa Chúram Leanaí ar Aois Scoile sa deich mbliana atá amach romhainn.

## 2. AG ULLMHÚ DON SCÉIM NÁISIÚNTA CÚRAIM LEANAÍ



Scéim Náisiúnta  
CÚRAIM LEANAÍ  
Luathghhlaim agus Cúram

Is éard is cuspóir an leabhráin seo ná léargas ginearálta ar an Scéim a thabhairt duit. Beidh breis is 600 seisiún oiliúna á dtionól timpeall na tíre le linn na bliana lena gcuirfear breis eolais maidir leis an Scéim ar fáil. Beidh sraith iomlán d'ábhair oiliúna agus faisnéise chomh maith ar fáil ar líne, lena n-áireofar an fhaisnéis uile atá cuimsithe sna seisiúin sin. Beidh an oiliúint curtha ar fáil in dhá chéim:

### **Seisiún Oiliúna Céim 1: Conas a oibríonn an Scéim.**

Sna seisiúin seo, clúdófar rialacha na Scéime agus conas iad a chur i bhfeidhm go réalaíoch, chomh maith leis na riachtanais atá ann maidir leis an gcomhlíonadh do soláthróirí a éilíonn chun páirt a ghlacadh leis. Cuirfear tús leo ar an 25 Márta 2019 agus beidh siad ar siúl go dtí mí an Mheithimh.

### **Seisiún Oiliúna Céim 2: Conas an córas a úsáid.**

Cuirfear oiliúint phraiticiúil ar conas córas TF na Scéime Náisiúnta Cúraim Leanaí leis na seisiúin seo, an tairseach do na soláthróirí agus an próiseas iarratais do thuismitheoirí araon. Cuirfear tús leis na seisiúin ar an 26 Lúnasa 2019 agus beidh siad ar siúl go dtí an 25 Deireadh Fómhair 2019.

Is féidir seisiúin oiliúna a chur in áirithe ar líne ag [www.ncs.gov.ie/provider](http://www.ncs.gov.ie/provider).

Beidh teacht ag na soláthróirí uile ar na seisiúin go léir, ag na hionaid go léir, agus fágfar dá bharr go mbeifeá in ann dáta agus láithreán a oireann duit a roghnú de réir mar a bhíonn spás iontu. Anuas air sin, is féidir dul i dteagmháil leis an gCoiste Cúraim Leanaí Cathrach nó Contae i do cheantar féin chun teacht ar thuilleadh eolas fúthu.

### 3. CLÁIR UM THACAÍOCHT CHÚRAIM LEANAÍ REATHA

Ba mhian linn deimhniú go mbeidh leanúnachas seirbhíse ann do thuismitheoirí agus do sholáthraithe araon le linn don Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí a bheith tugtha isteach. Dá bharr sin, leanfar ar aghaidh leis na cláir thacaíochta um chúram leanaí, ach amháin go mbeidh sé sin ar bhealach teoranta. Is féidir iarratas a dhéanamh ar na cláir reatha fós, suas go dtí an t-am a gcuirfear an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí beo (spriocdháta Deireadh Fómhair 2019), agus ní ghlacfar le hiarratais ar na cláir sin as sin amach. Beidh leanaí atá cláraithe ar na cláir reatha sula gcuirfear tús leis an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí in ann fanacht orthu go dtí deireadh na bliana cláir, más é sin a rogha.

Fágann sé sin go mbeidh an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí agus na cláir um thacaíocht chúraim leanaí reatha ar siúl ag an am céanna, go comhuaineach ar feadh aon bhliain amháin (2019/ 2020). Beifear ag cumasc an Scéim Fóirdheontais um Chúram Leanaí Phobal (SFCLP) leis an Scéim Fóirdheontais Plus um Chúram Leanaí Pobail (SFPLP) don bhliain dheireanach den chlár agus cuirfear deireadh leis go hiomlán in 2020.

Ionas go mbeidh an t-aistriú chomh furasta is gur féidir, beidh teaghlaigh in ann aistriú go dtí an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí ar an toirt nó fanacht ar an gclár reatha ar feadh aon bhliain amháin eile den chlár. Dóibhsean a bhfuil suim acu aistriú, is féidir leo fanacht ar an gclár ar a bhfuil siad faoi láthair agus iarratas a dhéanamh ar an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí suas go dtí an pointe go ndéanann a soláthróirí iad a chlárú leis an Scéim inniu agus go ndéanann siad an clárúchán a dhearbhu (féach cuid 7).

Ní bheidh tionchar ag tionscnaimh na Scéime Náisiúnta Cúraim Leanaí ar an gclár um réamhscoilíocht saor in aisce (CÓLÓ), agus leanfaidh an clár sin ar aghaidh a bheith i bhfeidhm.

### 4. LEARGAS AR AN SCÉIM NÁISIÚNTA CÚRAIM LEANAÍ

Tríd an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí tugtar tacaíocht airgeadais do leanaí atá idir 24 sheachtain agus 15 bliana atá ag freastal ar aon seirbhís cláraithe le Tusla atá ag glacadh páirt sa scéim.

De réir na Scéime Náisiúnta Cúraim Leanaí, is féidir le thuismitheoirí iarratas a dhéanamh ar fhóirdheontais go díreach ar an gcóras iarratais ar líne. Mar sholáthróir, ní cheanglófar ort go deo dualgas a ghlac as páipéarachas nó as

faisnéis phearsanta do thuismitheoirí ionas go mbeidh siad in ann teacht ar thacaíochtaí airgeadais.

Tá dhá chineál de thacaíochtaí ar fáil de réir na Scéime: fóirdheontas Uilíoch agus fóirdheontas a dhéantar Tástáil Ioncam leis.


Bíonn an **fóirdheontas Uilíoch** ar fáil do gach uile theaghlach a bhfuil leanbh faoi thrí bliana d'aois acu. Chomh maith leis sin, bíonn teacht air ag teaghlaigh a bhfuil leanaí acu níos sine ná trí bliana d'aois agus nach bhfuil cáilithe go dtí seo don chlár réamhscoile saor in aisce (CÓLÓ). Leis an fhóirdheontas Uilíoch, cuirfear 50c an uair i dtreo chostas na háite cúraim leanaí cláraithe suas go huasteorann de 40 uair sa tseachtain.

Bíonn fóirdheontas lena ndéantar **Tástáil Ioncaim** ar fáil do theaghlaigh a bhfuil leanaí acu idir 24 sheachtain d'aois agus 15 bliana d'aois agus atá ag baint tairbhe as cúram leanaí cláraithe le Tusla. Déantar tástáil acmhainne ar an fhóirdheontas seo agus déanfar amach é de réir na cúinsí ar leith a bhaineann leis na teaghlaigh éagsúla. Bíonn éagsúlacht i ráta an fhóirdheontais ag brath ar an méid ioncaim atá ag an teaghlach, ar aois an linbh agus ar an gcéim san oideachas ag a bhfuil sé, agus ar an líon leanaí atá sa chlann chomh maith. Leis an fhóirdheontas seo, is féidir 50c an uair a chur i dtreo chostas na háite cúraim leanaí cláraithe suas go huasteorann de 40 uair sa tseachtain sa chás go bhfuil na thuismitheoirí ag obair, ag staidéar nó ag fáil oiliúna, nó i gcúinsí nach bhfuil thuismitheoir ar fáil chun cúram a thabhairt don leanbh. Sa chás nach bhfuil na thuismitheoirí ag obair, ag staidéar nó ag fáil oiliúna, íocfar an fóirdheontas le tréimhse suas go dtí 15 uair sa tseachtain. I ngach uile chás, áirítear an méid ama a chaitear sa scoil nó sa réamhscoil leis an t-uasteorainn d'uaireanta fóirdheonaithe (féach ar na cásanna staidéir ar [www.ncs.gov.ie](http://www.ncs.gov.ie)).

Tá na huasrátaí le haghaidh na huaire de réir aois leagtha amach thíos. Íoctar na huasrátaí le haghaidh na huaire sa chás go bhfuil an t-ioncam teaghlaigh inríofa\* faoi €26,000 san uair. Bíonn na rátaí ag íslíú ar scála aistritheach de réir mar a théann an t-ioncam i méid ach bíonn fóirdheontais iníoctha i ngach uile chás ina mbíonn an t-ioncam teaghlaigh ináirithe níos ísle ná €60,000 in aghaidh na bliana.

\*Déantar an **t-ioncam inríofa** a ríomh trí aon mhíreanna atá inghlactha de réir na Scéime a bhaint ón **nghanioncam teaghlaigh**, dála na Lascaine i leith II-leanaí. Is é sin le rá, is éard atá ann ná an t-ioncam teaghlaigh, lúide íocaíochtaí coimírce sóisialta, lúide an cháin, an ÁSPC, an MSU, agus aon mhíreanna atá ceadaithe de réir na Scéime. Beidh liosta iomlán de na gnéithe asbhainte agus eisiata ar fáil ar [www.ncs.gov.ie](http://www.ncs.gov.ie)

Aois an Linbh	Uas-fhóirdheontas in aghaidh na huaire (Rátaí bailí amháil Deireadh Fómhair 2019)
Faoi bhun 12 mhí d'aois	€5.10
Idir 12 agus 35 mí d'aois	€4.35
3 bliana d'aois nó níos sine agus nach bhfuil fós ar scoil	€3.95
Ar scoil	€3.75



## FÓIRDHEONTAIS URRAITHE

Anuas ar an dá chineál d'fhóirdheontas atá ar fáil de réir na Scéime, tá córas ann chun aghaidh a thabhairt do na riachtanais a bhíonn ag teaghlaigh a bhíonn cúnaimh breise ar leith ag teastáil uathu. Mar shampla, i gcás teaghlaigh dá bhfuil cúram leanaí ag teastáil uathu ar fhoras leasa leanaí nó cosanta leanaí, nó dar gné riachtanach de thacaíocht teaghlaigh é an cúram leanaí, féadfadh le comhlacht reachtúil ainmnithe (“comhlacht urraíochta”) leambh a chur ar aghaidh chuig an Scéim le haghaidh tacaíocht chúraim leanaí. Sa chás gur comhlacht urraíochta a dhéanann an t-atreorú, beidh an teaghlach i dteideal le fóirdheontas go huathoibríoch gan riachtanas a bheith acu ceangaltais na Scéime maidir leis an incháilitheacht, le hioncam nó le huasmhéid uaireanta a shásamh. Tá mionsonraí faoi conas a fheidhmíonn atreoraithe urraíochta le fáil i leabharlann ar leith agus beidh teacht le fáil orthu chomh maith ar an suíomh gréasáin seo againne [www.ncs.gov.ie](http://www.ncs.gov.ie)

Is ar bhonn bliantúil a íoctar fóirdheontais, go hiondúil. Tabharfar fógra do sholáthróirí agus do thuismitheoirí chun iad a chur ar an eolas nuair a bhíonn sé in am fóirdheontas a athnuachan.

Más rud é nach bhfuil thuismitheoir nó soláthróir sásta le, mar shampla, luach fóirdheontais nó leis an méid a n-íoctar as an leambh, bíonn ceart ag an thuismitheoir nó ag an soláthróir, mar is oiriúnach, chun an cinneadh a chur chuig oifigeach de chuid Riarthóra na Scéime chun athbhreithniú a dhéanamh air. Más rud nach bhfuil siad sásta tar éis toradh a bheith déanta san athbhreithniú, beidh ceart achomhairc breise acu.

# 5. CONAS A FHEIDHMÍONN NA FÓIRDHEONTAIS

Tá an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí deartha le bheith solúbtha, chun freastal ar na riachtanais ar leith a bhíonn ag gach uile theaghlach. Agus Scéim náisiúnta amháin á cur i mbun, bhí sé tábhachtach aitheantas a chur sna difríochtaí seo agus córas a bheadh in ann freagair dóibh a bhunú gan drochthionchar a bheith acu ar fheidhmiúcháin seirbhíse do na soláthróirí. Is é sin an chúis go ndamhnófar fóirdheontais ar ráta in aghaidh na huaire, agus uasmhéid d'uaireanta gur féidir íocaíocht a fháil astu. Leis sin, bristear an dámhachtain síos ina codanna, lena dtaispeántar leasuithe leis an ráta fóirdheontais agus leis na huaireanta a dhéantar le himeacht na bliana, dála leasú le haois an linbh nó leis an gcéim oideachasúil ag a bhfuil sé nó sí. Leis an ráta fóirdheontais in aghaidh na huaire, léirítear don tuismitheoir an ráta d'fhóirdheontas a bhfaighidh siad agus ní bhíonn tionchar aige ar fheidhmeannas seirbhíse

Leanfaidh tuismitheoirí agus soláthróirí ar aghaidh ag obair i gcomhar a chéile mar atá siad ag déanamh faoi láthair chun an méid uaireanta de chúram leanaí atá de dhíth agus a bhfuiltear in ann a chur ar fáil. Comhréiteach atá i gceist leis na huaireanta seo idir riachtanais an tuismitheora agus cad is féidir leis an soláthróir a thairiscint i ndáiríre. Leanfaidh soláthróirí ar aghaidh ag déanamh a gcuid táillí, seisiún, agus polasaithe admhála féin a shocrú. Is faoi gach aon soláthróir ar leith na socruithe maidir leis an méid uaireanta de chúram leanaí atá ar fáil do thuismitheoirí. Is féidir an ráta fóirdheontais in aghaidh na huaire a chur i bhfeidhm i ndáil leis na huaireanta atá comhaontaithe idir an tuismitheoir agus an soláthróir. Sa chás gur ionann uaireanta an chloig sin agus an t-uaslíon uaireanta an chloig atá á tairiscint mar fhóirdheontas, beidh na huaireanta cúraim go léir fóirdheonaithe. Mar shampla, sa chás go bhfuil 40 uair an chloig dáfa agus go bhfuil comhaontas déanta leis an soláthróir 40 uair an chloig de chúram leanaí a fháil, sa chás sin, déanfar na 40 uair an chloig go léir a fhóirdheonú. Sa chás go ndéantar comhaontú le níos mó uaireanta an chloig ná an t-uaslíon uaireanta an chloig atá á tairiscint mar fhóirdheontas, ní bheidh fuílleach na n-uaireanta de chúram fóirdheonaithe agus íocfar iad uile leis an tuismitheoir. Mar shampla, sa chás go bhfuil tuismitheoir tar éis dámhachtain 40 uair an chloig a fháil ach go ndéanann siad conradh 45 uair an chloig leis an soláthróir, íocfar fóirdheontas as 40 uair an chloig. Féach ar [www.ncs.gov.ie](http://www.ncs.gov.ie) chun teacht ar níos mó cásanna staidéir. Déanfar billí a dhéanamh amach trí mhéid an fhóirdheontais a bhaint ón táille foilsithe don leibhéal cúraim a bhfuil comhaontas déanta leis. Leanfaidh soláthróirí ar aghaidh ag déanamh a gcuid táillí, seisiún, agus polasaithe admhála féin a shocrú.

# 6. RANNPHÁIRTIOCHT SA SCÉIM NÁISIÚNTA CÚRAIM LEANAÍ

Chun páirt a ghlacadh sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, ní mór duit:

- 🟡 A bheith cláraithe le Tusla
- 🟡 Conradh a dhéanamh leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige i ndáil leis an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí.

Maireann conarthaí tréimhse 12 mhí agus bíonn siad athnuaithe. Cuirfear tús leis an bpróiseas conartha i mí an Mheithimh 2019 agus mar chuid de beidh gá ann iarratas a dhéanamh leis an nGlaó um Chlár faoin Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí. Agus tú ag tabhairt d'iarratas chun críche, déanfar seiceáil ar do chlárúchán le Tusla agus dhéanfa do chuid táillí agus féilire sheirbhíse a ionchur. Leis sin, beidh an conradh ar fáil duit chun d'ainm a chur leis go leictreonach.

Déantar níos mó mionsonruithe ar ceangaltais chonarthacha sa chuid den leabhrán seo a bhaineann leis an Rialachas agus an Comhlíonadh.





Is é an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanáí an chéad chlár a bheidh ar siúl ar an gClár Luathbhlianta nua a chuirfear in ionad PIP le himeacht ama. Táthar tar éis córas atá éasca le húsáid a dhearadh chun freastal ar riachtanais sholáthróirí.

Den chuid is mó de na soláthróirí, beidh an t-ascnamh ó PIP go dtí an Clár Luathbhlianta go huathoibríoch, agus ní theastófar ort ach amháin do shonraí cuntais bhainc a ionchur agus a sheiceáil go bhfuil an fhaisnéis eile a bhaineann leat chun an próiseas a thabhairt chun críche i gceart. Do sholáthróirí nár ascain iad go huathoibríoch, ní mór duit próiseas bordála aonuaire a dhéanamh chun tú a chur ar an gClár Luathbhlianta go buan. Beidh ort ar a laghad aon Úsáideoir Údaraithe Príomhach (UUP) amháin ó d'eagraíocht a mbeidh an t-údarás aige conarthaí a dhéanamh thar cearn d'eagraíocht.

Chomh luath is atá sé athbhreithithe agus faofa, beidh lánrochtain ag an UUP ar an tairseach do sholáthróirí den gClár Luathbhlianta. Tríd seo, is féidir faisnéis eagraíochtúil a bheith coimeádta cothrom le dáta agus sonraí cuntas bainc a bheith leasuithe chun íocaíochtaí faoin gclár a éascú.

Ar deireadh thiar, is tríd an gClár Luathbhlianta a bheidh teacht le fáil ar scéimeanna agus seirbhísí Luathbhlianta go léir. Mar sin féin, sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, leanfar ar aghaidh go mbeidh sé ag teastáil ar sholáthróirí PIP a úsáid le haghaidh cláir thacaíochta reatha dírithe um chúram leanáí agus le haghaidh chlár CÓLÓ.



# TÁ AN SCÉIM NÁISIÚNTA CÚRAM LEANAÍ AG DRUIDIM LINN – AMLÍNE D’ULLMHÚCHÁIN

Tá an Scéim Náisiúnta Cúram Leanaí ag druidim linn – Amlíne d’Ullmhúcháin

Céim 1: Seisiún Oiliúna ar fud na tíre do sholáthraithe

Oslaítear Ionad Glaonna don Scéim Náisiúnta Cúram Leanaí do thuismitheoirí

Seoladh láithreán gréasáin [ncs.gov.ie](http://ncs.gov.ie)

AN 11 MÁRTA

AN 25 MÁRTA - MEITHEAMH

LÁR MHÍ AN MHÁRTA

AIBREÁN/  
BEALTAINÉ  
2019

Eventbrite tá áirithintí ar oscailt do sheisiún oiliúna ar fud na tíre do sholáthraithe

Seoladh pacáí Faisnéise faoin Scéim Náisiúnta Cúram Leanaí chuig soláthraithe ar fud na tíre

Feachtas ‘Ullmhacht MyGovID’ na Scéime Náisiúnta Cúram Leanaí



Scéim Náisiúnta  
**CÚRAIM LEANAÍ**  
Luathghlaim agus Cúram

Osclaítear  
conraitheoireacht  
do sholáthraithe  
don Scéim  
Náisiúnta Cúram  
Leanaí

Céim 2: Seisiún  
Oiliúna ar  
fud na tíre do  
sholáthraithe

MEITHEAMH  
2019

MEÁN  
FÓMHAIR/  
DEIREADH FÓMHAIR  
2019

LÁR  
MHÍ MHEÁN  
FÓMHAIR  
2019

DEIREADH  
FÓMHAIR  
2019



Spricdháta do  
sholáthraithe chun  
iarratas a dhéanamh  
ar íocaíocht  
Tacaíochta (Aistriú)  
an SNC

Feachtas  
Cumarsáide na  
Scéime Náisiúnta  
Cúram Leanaí

Spric chun an  
Scéim Náisiúnta  
Cúram Leanaí  
a Sheoladh (tá  
iarratais ar oscailt  
do thuismitheoirí)

Bí ag faire amach dúinn ag imeachtaí náisiúnta agus tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin [www.ncs.gov.ie](http://www.ncs.gov.ie) - chun teacht ar fhaisnéis bhreise!

# 7. CLÁRÚCHÁN FÓIRDHEONTAS AGUS UAIREANTA FÓIRDHEONTAIS

Nuair a dhéanann tuismitheoir iarratas le Pobal ar líne nó tríd an bPost agus nuair a dhámhtar fóirdheontas leis, tabharfar briseadh síos mionsonraithe ar an fhóirdheontas a thabharfar leis don bhliain i dteannta le cód leithleach darb ainm CHICK (Códéochair Aitheantais Cúraim Leanaí). Ní theastaíonn uait ach amháin an cód seo, anuas ar ainm an linbh agus a dháta breithe, chun do leanbh a chlárú leis an tseirbhís agat chun fóirdheontas a fháil ar an Scéim.

Nuair a chuireann tú isteach CHICK an linbh sa chóras, in éineacht lena dháta breithe, tiocfaidh tú ar:

- an cineál fóirdheontais (Uilíoch/Tástáil Ioncaim);
- an ráta fóirdheontais san uair;
- an t-uaslíon d'uaireanta sa tseachtain lena bhfuil an fóirdheontas iníoctha;
- aon leasuithe a bhfuiltear ag súil leo sa ráta fóirdheontais san uair agus/nó san uaslíon uaireanta sa tseachtain roimh don dáta athnuachan; agus
- dáta éaga an fhóirdheontais.



Chomh luath is atá na huairanta seirbhíse a bheidh á sholáthar don tuismitheoir socruithe agat, beidh ort na huairanta a chlárú le fóirdheontas a fháil ina ndáil faoin Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí. Is é sin an líon d'uairanta a mbeidh do leanbh ag freastal ar do sheirbhís gach uile sheachtain (gan áireamh CÓLÓ) suas go dtí an t-uaslíon d'uairanta an chloig atá incheadaithe de réir dámhachtain an linbh. Ba cheart suntas a dhéanamh de chomh maith gur féidir le leanbh freastal uaireanta sa bhreis ar na huasuaireanta dáfa ach ní bheidh fóirdheontas faoin Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí ag baint leosan. Tugtar aitheantas leis an scéim go mbíonn saol an teaghlaigh ag tarlú! Ceadaítear faoina rialacha do lamháltais i gcásanna ina mbíonn uaireanta tinrimh an linbh níos lú ná na huairanta fóirdheonaithe ó am go céile de thoradh, mar shampla, tinnis nó coinnithe, go mbíonn ar thuismitheoir obair a chríochnú go luath nó go mbíonn ar sheantuismitheoir leanbh a fhágáil isteach déanach.

Nuair atá na huairanta cláraithe agat ar an gcóras, seolfar fógra amach chuig an tuismitheoir dá iarraidh súil a chaitheamh ar an fhaisnéis atá aighnithe agus déanamh cinnte go bhfuil sé cruinn agus ceart. Tugtar an próiseas clárúcháin chun críche tar éis don tuismitheoir an dearbhú seo a eisiúint agus cuirfear na fóirdheontais i bhfeidhm ón am sin.

## EOLAS GUR MÓR IS FIÚ É A BHEITH AGAT!

Nuair a dhéantar uaireanta linbh a chlárú ar an gcóras, is féidir teacht ar aontas ar na huairanta le bheith seachadta gach seachtain agus iad sin a chlárú le haghaidh fhadthréimhse na dámhachtana nó is féidir teacht ar ais níos déanaí chun aon uaireanta a chloig atá ag teacht suas nach le linn an téarma iad. Is féidir na huairanta cláraithe a choigeartú aon uair chomh maith, ach comhaontas a dhéanamh leis an tuismitheoir (mar shampla, d'fhéadfá na huairanta a thuaschoigeartú más rud é go raibh tuismitheoir ag iarraidh aistriú ó chúram leanaí páirtaimseartha go dtí cúram leanaí lánaimseartha). Ní féidir leasuithe a chlárú ach amháin i ndáil le dátaí todhchaíocha agus ní féidir iad a dhéanamh go cúlghabhálach. Is ar bhonn uair an chloig iomlán a íoctar na fóirdheontais. Is féidir aon pháirtuaireanta a shlánú suas. Mar shampla, d'fhéadfá comhaontas de 7.5 uair an chloig de chúram leanaí sa lá a chlárú mar 8 uair an chloig sa lá, ionas gurb ionann an t-iomlán d'uairanta an chloig sa tseachtain agus 40 uair an chloig.

# 8. ÍOCAÍOCHT NA BHFÓIRDHEONTAS

Is ar bhonn seachtainiúil a íoctar na fóirdheontais. Déanann soláthróirí a theistiú trí thuairisceán seachtainiúil a chur isteach maidir le tinreamh leanúnach na leanaí atá ag fáil fóirdheontais. Dá réir sin, is ar bhonn riaráisteacha a dhéantar na híocaíochtaí. Próiseas furasta simplí a bheidh i gceist leis an tuairisceán agus déanfar é ar chóras na Scéime ar lá ar leith gach uile sheachtain.

Agus do thuairisceán á chríochnú agat, ní gá ach sinne a chur in iúl faoin na cásanna de neamhláithreacht (tuairisciú de réir eisceachta). Freagraítear trí cheist shimplí gach seachtain chun é sin a dhéanamh:

- Ó do thuairisceán is deireanaí i leith, an bhfuil aon leanbh tar éis do sheirbhís a fhágáil?
- Ó do thuairisceán is deireanaí i leith, an bhfuil aon leanbh tar éis a bheith as láthair le ceithre seachtaine anuas, nó le tréimhse níos faide ná sin?
- Ó do thuairisceán is deireanaí i leith, an bhfuil aon leanbh tar éis freastal ar an tseirbhís níos lú ná huaireanta an chloig fóirdheonaithe faoin Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí acu gach uile sheachtain le hocht seachtaine chomhleanúnacha anuas (ie. an bhfuil aon leanbh tar éis fholáithrithe le hocht seachtaine i ndiaidh a chéile)?



Más rud é go dtugtar freagra dearfach d'aon de na ceisteanna seo, ní mór duit é a shainaithin i do thuairisceán seachtainiúil.

Maidir le leanaí atá **chun an tseirbhís a fhágáil**, ba cheart do thuismitheoirí fógra cheithre seachtaine a thabhairt ina thaobh ina thaobh sin. Ní mór do sholáthróirí an dáta imeachta a chlárú agus cuirfear deireadh leis na híocaíochtaí ón lá i ndiaidh an dáta sin. Sa chás nach bhfuil aon fhógra maidir le himeacht an linbh tugtha ag an thuismitheoir, is féidir leis an soláthróir éileamh a dhéanamh ar fhóirdheontas le suas go dtí ceithre seachtaine in ionad fógra a thabhairt. Ina leithéid sin de chás, ní bheidh soláthróir eile in ann an leanbh a chlárú go dtí go bhfuil an tréimhse cheithre seachtaine istigh agus go bhfuil deireadh curtha leis an gclárú fóirdheontais ag an gcéad soláthróir.

Más rud é go bhfuil leanbh ann a bhí **as láthair le ceithre seachtaine leanúnacha**, is féidir leat dearbhú go bhfuil an leanbh ar ais i láthair chomh maith leis an dáta ar tháinig sé nó sí ar ais, nó más rud go bhfuil feidhm ag cúinsí eisceachtúla (féach ar [www.ncs.gov.ie/provider](http://www.ncs.gov.ie/provider) chun teacht ar thuilleadh eolais maidir leis na cúinsí eisceachtúla). In imthosca dá ndála sin, ní bheidh aon bhriseadh san íocaíocht fhóirdheontais i gceist. Cé is moite de sin, cuirfear íocaíochtaí fóirdheontais ar fionraí le haghaidh aon tréimhse neamhláithreachta níos faide ná ceithre seachtaine leanúnacha.

Sa chás go bhfuil leanbh ann a bhíonn ag freastal le tráth is lú ná na huaireanta fóirdheonaithe dáfa leo faoin Scéim Náisiúnta Cúraim Leanai (i.e. **fo-láithreacht gach uile sheachtain le hocht seachtain i ndiaidh a chéile anuas**), eiseofar fógra leis an thuismitheoir agus leis an soláthróir araon. Cuirfear in iúl san fhógra sin go bhfuiltear chun laghdú a chur leis an tacaíocht airgeadais más rud go gcoinneofar leis an bpatrún de neamhláithreacht gach uile sheachtain ar feadh cheithre seachtaine bhreise, agus iarrfar leis ar an soláthróir - i gcomhairle leis an thuismitheoir - coigeartú a chur leis an líon uaireanta atá cláraithe ar chóras na Scéime más rud é go bhfuiltear chun leanúint ar aghaidh leis an leibhéal íslithe de láithreacht seo. Sa chás go gcuireann an soláthróir coigeartú leis na huaireanta, cuirfear leasú leis an íocaíocht fóirdheontais ionas go mbeadh sé ag réiteach leis an líon uaireanta atá cláraithe. Cé is moite de sin, sa chás go leanfar ar aghaidh leis an bpatrún de neamhláithreacht gach uile sheachtain ar feadh ceithre seachtaine sa bhreis ar sin, cuirfidh Riarthóir na Scéime laghdú leis an fhóirdheontas ionas go mbeidh sé ag réiteach leis an meánlíon d'uaireanta a nglactar leo sa tréimhse 12 sheachtain d'fho-

láithreachta. Tá tuilleadh sonraí le fáil faoin bpróiseas seo agus faoi na himthosca eisceachtúla gur féidir a chur san áireamh ar fáil ag [www.ncs.gov.ie/soláthróir](http://www.ncs.gov.ie/soláthróir).

I ngach uile chás, cuirfear fógra ar thuismitheoirí más rud go bhfuiltear chun an fóirdheontas atá acu a leasú de bharr imeachta a linbh, nó de bharr a neamhláithreachta nó a fho-láithreachta. Sa bhealach sin, tabharfar dóthain deise do soláthróirí clárúchán ar an gcóras a leasú nó a chealú de réir mar is gá.

Más rud é go dteipeann ar sholáthróir tuairisceán seachtainiúil a dhéanamh, eiseofar foláireamh tríd an gcóras. Más rud é nach bhfuil an tuairisceán cláraithe faoin gcéad spriocdháta ina dhiaidh sin, cuirfear na híocaíochtaí ar fionraí go dtí go dtabharfar na tuairisceáin suas chun dáta.

Ar aon dul le riachtanais chlárúcháin reatha Tusla, ní mór duit taifid freastail chruinn beacht a choimeád i dtaca le gach aon leanbh. Caithfidh na taifid seo ainm an linbh, agus am sroichte agus am imeachta an linbh gach uile lá, a thaispeáint. Táthar tar éis teimpléad caighdeánach a ullmhú le cothabháil a dhéanamh ar thaifid tinrimh agus áireofar é mar chuid den chonradh leis an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí. Táthar tar éis an teimpléad seo a ullmhú chun freastal ar na riachtanais um chlárúchán atá ag Tusla chomh maith agus ar na riachtanais taifeadta atá ag an CÓLÓ de réir mar a bhaineann siad le tinreamh na leanaí. Is é sin le rá go bhfuil an teimpléad chun tacú leis na soláthróirí chun na ceangaltais tuairiscithe uile a bheidh orthu sa todhcháid maidir le tinreamh a leanaí le haghaidh Pobal agus Tusla araon in aon doiciméad amháin. Anuas air sin, cuirfidh sé le cleachtas coimeádta taifead ar fud na hearnála ar mhaithe le gach aon duine.

Chomh maith le bheith ina chuid de na riachtanais comhlíonta le Tusla, úsáidfear na taifid tinrimh chun na tuairisceáin sheachtainiúla don Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí a líonadh. Níl aon cheanglas ann chun na taifid seo a uaslódáil ar an gcóras.

Mar a tharlaíonn faoi láthair na huaire i gcás scéimeanna a mhaireann ag an bpointe seo, tabharfaidh Riarthóir na Scéime seo cuairt ar do sheirbhís ó am go chéile chun deimhniú go bhfuil do chuid taifead tinrimh dóthanach, go bhfuil siad cothrom chun dáta agus go bhfuil na clárúcháin deimhniithe go cruinn ar Chóras na Luathbhlianta.



# 9. AN RIALACHAS AGUS AN COMHLÍONADH

Chun tús a chur le conradh don Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, ní mór don soláthróir comhaontú:

- ◈ Go ndéanfar monatóireacht ar na tuairisceáin maidir le tinrimh na leanaí de réir mar atá sonraithe i gcuid 8, agus go ndéanfar na tuairisceáin sin a thaifead agus a chur isteach.
- ◈ Go bhfoilseofar a gcuid táillí, na huaireanta oscailte agus féilire na seirbhíse de réir an teimpléid atá curtha ar fáil, i limistéar ar a bhfuil teacht ag tuismitheoirí ar, agus ar shuíomh gréasáin na seirbhíse chomh maith.
- ◈ Go gceadófar do Riarthóir na Scéime a gcuid táillí a fhoilsiú ar líne agus ar aon bhealach eile
- ◈ Go ngearrfar táillí ar thuismitheoirí atá ag fáil feordheontas ar an mbonn céile leosan nach bhfuil feordheontas ar fáil acu
- ◈ Go mbainfear aon fhóirdheontas ón táille foilsithe chun an táille do thuismitheoirí a áireamh, i.e. an comhíocaíocht, agus go gcoimeádfar cóip den chomhaontas scríofa a rinneadh leis an tuismitheoir
- ◈ Go gcríochnófar dearbhú airgeadais bliantúil, lena ndeimhneofar go bhfuil na nithe seo a leanas:
  - (a) go bhfuil a gcuid cuntas bliantúla curtha isteach ar aon dul le spriodhataí na hOifige um Chlárú Cuideachtaí agus na gCoimisinéirí Ioncaim.
  - (b) go bhfuil an maoiniúchán faoin Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí nochta go soiléir sna cuntais bhliantúla mar mhír líne ar leith.
  - (c) go gcuirfear na cuntais ar fáil do Riarthóir na Scéime de réir mar a dhéantar éileamh leis, agus
  - (d) go seach-chuirfear na fóirdheontas go huile is go hiomlán i gcoinne táillí na seirbhíse atá foilsithe
- ◈ Go bhfuil deimhniú imréitigh cánach acu
- ◈ Go gcuideofar le hoifigigh údaraithe agus iad i mbun a gcuid feidhmeanna comhlíonta a chur i gcrích

Le linn chúrsa cuairte um an gcomhlíonadh, déanfaidh Oifigeach Údaraithe a sheiceáil:

- Go bhfuil liosta táillí na seirbhíse ar taispeáint sa tseirbhís i bhformáid agus in ionad a réitíonn leis na ceanglais
- Go gcoimeádtar taifid tinrimh leordhóthanach i bhformáid a réitíonn leis na riachtanais agus atá ar fáil chun seiceáil a dhéanamh orthu
- Go bhfuil na sonraí clárúcháin go léir agus na pátrúin tinrimh go léir a bhaineann le gach aon leanbh taifeadta go cruinn beacht ar an gClár Luathbhlianta, agus go léireofar sna pátrúin tinrimh atá taifeadta sna taifid tinrimh san ionad.
- Go bhfuiltear tar éis na fóirdheontais faoin Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí a chur i bhfeidhm in éadan na táillí foilsithe ag féachaint don fhóirdheontas seachtainiúil a dhéanann tuismitheoir éileamh leis agus don chomhaontas atá i bhfeidhm idir an tuismitheoir agus an soláthróir.

Clúdófar na ceangaltais uile um an gcomhlíonadh agus an rialachas a bhaineann leis an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí le mionsonraí sna 600 seisiún oiliúna a tharlaíonn timpeall na tíre idir mí an Mhárta agus mí Dheireadh Fómhair. Beidh treoirilínte agus acmhainní ar líne ar fáil chomh maith ag [www.ncs.gov.ie](http://www.ncs.gov.ie).





Scéim Náisiúnta  
**CÚRAM LEANAÍ**  
Luathíoghlaim agus Cúram

## 10. FAISNÉIS AGUS ACMHAINNÍ BREISE

Más rud é go bhfuil tú ag iarraidh teacht ar thuilleadh faisnéise nó tuilleadh acmhainní, téigh chuig [www.ncs.gov.ie/provider](http://www.ncs.gov.ie/provider) nó téigh i dteagmháil leis an gCoiste um Chúram Leanaí i do Chathair/Chontae áitiúil.



**Rialtas na hÉireann**  
Government of Ireland

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige,  
Bloc 1, Plaza Miesach, 50-58 Sráid Bhagóid Íochtarach,  
Baile Átha Cliath 2. D02 XW14, Saorphost F5055  
Fón +353 1 647 3000

**ncs.gov.ie**